**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2013 (OR. en)**

**5394/1/13 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2011/0156 (COD)**

**DENLEG 4**
**AGRI 20**
**SAN 17**
**CODEC 94**
**PARLNAT 98**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena leasaítear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún<br>- **Arna ghlacadh ag an gComhairle an 22 Aibreán 2013** |

**RIALACHÁN (AE) Uimh. .../2013**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga,**
**maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú**
**agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle,**
**Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún,**
**Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,**
**Rialachán (AE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 24. 28.1.2012, lch. 119.

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meitheamh 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an. [(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an [(IO...)] [(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] [agus cinneadh ón gComhairle.an ...]

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil an Coimisiún chun ardleibhéal cosanta a ghlacadh mar bhunús le haghaidh bearta a bhfuil sé mar chuspóir leo an margadh inmheánach a bhunú agus a fheidhmiú agus a bhaineann, *inter alia*, le sláinte agus le sábháilteacht agus cosaint tomhaltóirí, agus aon fhorbairt nua atá bunaithe ar fhíorais eolaíocha á cur san áireamh aige go háirithe.

(2) Is gné shár-riachtanach den mhargadh inmheánach í saorghluaiseacht bia atá sábháilte agus folláin agus cuirtear go mór le sláinte agus le folláine na saoránach agus lena leasanna sóisialta agus eacnamaíocha dá barr.

(3) Tá sé mar aidhm ag dlí an Aontais is infheidhme maidir le bia a áirithiú, *inter alia,* nach gcuirtear aon bhia ar an margadh mura bhfuil sé sábháilte. Dá bhrí sin, aon substaintí a mheastar a bheith díobhálach do shláinte na ngrúpaí sin den daonra lena mbaineann nó a mheastar a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine, ba cheart na substaintí sin a eisiamh as comhdhéanamh an bhia sin atá sna catagóirí bianna a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(4) Leagtar síos i dTreoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le hearraí bia a cheaptar lena n-úsáid chun críocha cothaitheacha sonracha[1] rialacha ginearálta maidir le comhdhéanamh agus ullmhúchán na mbianna sin a cheaptar go speisialta chun ceanglais shonracha chothaitheacha na ndaoine ar a ndírítear a shásamh. Tá formhór na bhforálacha atá leagtha síos sa Treoir sin ann ó 1977 agus, is gá iad a athbhreithniú.

---

1 IO L 124, 20.5.2009, lch. 21.

(5) Bunaítear le Treoir 2009/39/CE sainmhíniú coiteann le haghaidh 'earraí bia a cheaptar lena úsáid chun críocha cothaitheacha sonracha', agus ceanglais ghinearálta lipéadaithe, lena n-áirítear ceanglais gur cheart go mbeadh lipéad ar na hearraí bia sin a léiríonn a oiriúnaí is atá siad i leith na gcríoch cothaitheach atá maíte.

(6) Le roinnt gníomhartha neamhreachtacha de chuid an Aontais, déantar na ceanglais ghinearálta maidir le comhdhéanaimh agus le lipéadú a leagtar síos i dTreoir 2009/39/CE a chomhlánú, ar gníomhartha iad is infheidhme maidir le catagóirí sonracha bia. I ndáil leis sin, leagtar síos rialacha comhchuibhithe le Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún an 26 Feabhra 1996 maidir le bia a cheaptar lena úsáid in aistí bia fuinneamhshrianta chun críocha meáchan a laghdú[1] agus le Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún an 25 Márta 1999 maidir le bia diaitéiteach chun críocha speisialta míochaine[2] .Ar an gcaoi chéanna, déantar, le Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún[3], rialacha comhchuibhithe áirithe a leagan síos maidir le bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga. Leagtar síos le Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún[4] rialacha comhchuibhithe maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach agus leagtar síos freisin le Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún[5] rialacha comhchuibhithe maidir le comhdhéanamh agus lipéadú earraí bia do dhaoine atá éadulangach ar ghlútan.

---

1 IO L 55, 6.3.1996, lch. 22.
2 IO L 91, 7.4.1999, lch. 29.
3 IO L 339, 6.12.2006, lch. 16.
4 IO L 401, 30.12.2006, lch. 1.
5 IO L 16, 21.1.2009, lch. 3.

(7) Ina theannta sin leagtar síos rialacha comhchuibhithe i dTreoir 92/52/CEE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1992 maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach atá ceaptha lena n-allmhairiú go tríú tíortha[1] agus i Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 le haghaidh substaintí ar féidir iad a chur i mbianna atá ceaptha chun críocha sonracha cothaitheacha chun críocha cothaitheacha áirithe[2].

(8) Ceanglaítear le Treoir 2009/39/CE nós imeachta ginearálta um fhógra a thabhairt ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh bia a chuireann oibreoirí i ngnó an bhia i láthair mar bhia a thagann faoin sainmhíniú ar 'earraí bia a cheaptar lena úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe', agus nach bhfuil forálacha sonracha leagtha síos i ndlí an Aontais ina leith, sula gcuirtear ar mhargadh an Aontais é, chun faireachán éifeachtach na mBallstát ar an mbia sin a éascú.

(9) Léiríodh i dtuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 27 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme an nós imeachta sin maidir le fógra a thabhairt, gur féidir deacrachtaí a bheith ann de thoradh léirithe a thabhairt ar an sainmhíniú ar earraí bia a cheaptar lena n-úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe, ar léir go bhféadfadh na húdaráis náisiúnta léirithe éagsúla a thabhairt ar an sainmhíniú sin. Baineadh de thátal as, dá bhrí sin, go mbeadh gá le Treoir 2009/39/CE a leasú chun a áirithiú go gcuirfí gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais chun feidhme ar bhonn níos éifeachtaí agus níos comhchuibhithe.

---

[1] IO L 179, 1.7.1992, lch. 129.
[2] IO L 269, 14.10.2009, lch. 9.

(10) I dtuarascáil staidéir a rinne Agra CEAS Consulting an 29 Aibreán 2009 maidir leis an athbhreithniú a rinneadh ar Threoir 2009/39/CE, dearbhaíodh torthaí thuarascáil an Choimisiúin an 27 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme an nós imeachta maidir le fógra agus cuirtear in iúl go bhfuil méadú ag teacht, de bharr an tsainmhínithe atá leagtha síos sa Treoir sin, ar líon na n-earraí bia a mhargaítear agus a lipéadaítear faoi láthair mar earraí bia atá oiriúnach lena n-úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe. Luadh sa tuarascáil staidéir freisin go bhfuil difríochtaí móra, ó Bhallstát go Ballstát, idir an bia a rialaítear faoin Treoir sin; d'fhéadfaí bia comhchosúil a mhargú ag an am céanna i mBallstáit éagsúla mar bhia a cheaptar lena úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe agus/nó mar bhia a cheaptar do ghnáthchaitheamh, lena n-áirítear forbhianna, dírithe ar an bpobal go ginearálta nó ar roinnt foghrúpaí amhail mná atá ag iompar clainne, mná a bhfuil a sos míostraithe curtha díobh, daoine níos aosta, leanaí atá ag fás, ógánaigh, daoine atá gníomhach ar leibhéil éagsúla, agus eile. Dá bhrí sin, baintear an bonn d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, cruthaítear neamhdheimhneacht dhlíthiúil d'údaráis inniúla, d'oibreoirí i ngnó an bhia, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do thomhaltóirí agus ní féidir an riosca go mbainfí mí-úsáid as margaíocht agus go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh a chur as an áireamh ach an oiread. Tá gá dá bhrí sin le difríochtaí sa léiriú a dhíchur tríd an timpeallacht rialála a shimpliú.

(11) Dealraíonn sé go bhfuil gníomhartha eile dlí de chuid an Aontais, ar gníomhartha iad a glacadh le déanaí, níos oiriúnaí do mhargadh nuálaíoch bia atá ag forbairt ná mar atá Treoir 2009/39/CE. Is iad na gníomhartha atá ábhartha nó tábhachtach go háirithe: Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna[1], Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothaitheacha agus sláinte a dhéantar maidir le bianna[2] agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna[3]. Ina theannta sin, dhéanfadh forálacha na ngníomhartha dlí sin de chuid an Aontais líon áirithe de na catagóirí bia a chumhdaítear le Treoir 2009/39/CE a rialú go leordhóthanach le hualach riaracháin níos lú agus le tuilleadh soiléireachta i dtaobh raoin feidhme agus gcuspóirí.

(12) Ina theannta sin, is léir ón taithí atá faighte go dtí seo nach bhfuil rialacha áirithe a áiríodh i dTreoir 2009/39/CE, nó a glacadh faoin Treoir sin, éifeachtach a thuilleadh chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart fáil réidh le coincheap 'earraí bia a cheaptar lena úsáid chun críocha cothaitheacha sonracha' agus ba cheart an gníomh seo a chur in ionad Threoir 2009/39/CE. Chun cur i bhfeidhm an ghnímh seo a shimpliú agus chun comhsheasmhacht an churtha i bhfeidhm ar fud na mBallstát a áirithiú, ba cheart gur i bhfoirm Rialacháin a bheadh an gníomh seo.

---

1 IO L 183, 12.7.2002, lch. 51.
2 IO L 404, 30.12.2006, lch. 9.
3 IO L 404, 30.12.2006, lch. 26.

(14) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia[1], bunaítear leis prionsabail choiteanna agus sainmhínithe coiteanna do dhlí bia an Aontais.. Ba cheart feidhm a bheith ag sainmhínithe áirithe a leagtar síos sa Rialachán sin freisin i gcomhthéacs an Rialacháin seo.

(15) Líon teoranta catagóirí bia an t-aon fhoinse bheathaithe, nó cuid d'fhoinse bheathaithe, atá ag grúpaí áirithe den daonra. Tá na catagóirí bia sin ríthábhachtach chun riochtaí áirithe a bhainistiú agus/nó tá siad riachtanach chun ceanglais chothaitheacha grúpaí áirithe leochaileacha den phobal a shásamh, ar grúpaí iad arna sainaithint go soiléir. Áirítear sna catagóirí bia sin bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin agus bia chun críocha speisialta míochaine. Is léir ón taithí atá faighte go nuige seo go n-áirithítear leis na forálacha atá leagtha síos i dTreoir 1999/21/CE, i dTreoir 2006/125/CE agus i dTreoir 2006/141/CE saorghluaiseacht na gcatagóirí bia sin ar bhealach sásúil, agus áirithítear ag an am céanna ardleibhéal cosanta i ndáil leis an tsláinte phoiblí. Is iomchuí, dá bhrí sin, go ndíríonn an Rialachán seo ar na ceanglais ghinearálta chomhdhéanaimh agus faisnéise do na catagóirí bia sin, agus forálacha ábhartha Threoir 1999/21/CE, Threoir 2006/125/CE agus Threoir 2006/141/CE á gcur san áireamh.

---

1 IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

(16) Ina theannta sin, i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar líon na ndaoine a bhfuil fadhbanna acu maidir leis an iomarca meáchain nó atá otrach, tá méadú ar an líon bianna atá gcur ar an margadh mar ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú. Faoi láthair, maidir le bianna den sórt sin atá ar an margadh, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir táirgí atá ceaptha d'aistí bia ar bheagán calraí, a bhfuil idir 3 360 kJ (800 kcal) agus 5 040 kJ (1 200 kcal) iontu, agus táirgí atá ceaptha d'aistí bia ar fíorbheagán calraí a mbíonn níos lú ná 3 360 kJ (800 kcal) iontu de ghnáth**.** I bhfianaise chineál na mbianna atá i gceist is iomchuí forálacha áirithe sonracha a leagan síos lena n-aghaidh. Is léir ón taithí atá faighte go nuige seo go n-áirithítear leis na forálacha atá leagtha síos i dTreoir 96/8/CE saorghluaiseacht na mbianna sin a chuirtear ar fáil ar bhealach sásúil mar ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus go n-áirithítear leis ardleibhéal cosanta i ndáil le sláinte phoiblí ag an am céanna. Is iomchuí, dá bhrí sin, go ndíreofaí leis an Rialachán seo ar na ceanglais ghinearálta maidir le comhdhéanamh agus le faisnéis i ndáil le bianna a cheaptar chun ionad na haiste bia iomláine laethúla a ghabháil lena n-áirítear bia ar fíorbheagán fuinnimh agus na forálacha ábhartha de Threoir 96/8/CE á gcur san áireamh.

(17) Ba cheart go mbunófaí, leis an Rialachán seo, *inter alia*, sainmhínithe ar bhainne foirmle do naíonáin agus ar bhainne foirmle leantach, ar bhia gránachbhunaithe próiseáilte agus ar bhia linbh, ar bhia chun críocha speisialta míochaine agus ar ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, agus ba cheart go gcuirfí san áireamh na forálacha ábhartha atá i dTreoir 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE.

(18) Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, bunaítear prionsabail na hanailíse riosca i ndáil le bia agus na struchtúir agus na sásraí le haghaidh na meastóireachtaí eolaíocha agus teicneolaíochta a dhéanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('An tÚdarás'). Thairis sin, chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart dul i gcomhairle leis an Údarás i ndáil le cúrsaí ar bith a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don tsláinte phoiblí.

(19) Is tábhachtach go mbeidh na comhábhair a úsáidtear i monarú bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo oiriúnach chun ceanglais chothaitheacha na ndaoine a bhfuil bia den sórt sin ceaptha dóibh a shásamh, agus go bhfuil siad oiriúnach do na daoine sin, agus go bhfuil a leordhóthanacht chothaitheach suite le sonraí eolaíocha a nglactar leo go ginearálta. Ba cheart an leordhóthanacht sin a léiriú trí athbhreithniú córasach a dhéanamh ar na sonraí eolaíocha atá ar fáil.

(20) Gan dochar d'fhorálacha sonracha atá leagtha amach sa Rialachán seo ná do ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag na huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí atá leagtha amach i ndlí ábhartha an Aontais, go háirithe i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin[1].

---

1 IO L 70, 16.3.2005, lch.1.

(21) Is féidir iarmhair lotnaidicídí a bheith ann i mbia mar thoradh ar úsáid lotnaidicídí, ar bia é a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin ní mór srian a chur ar úsáid den sórt sin a mhéid is féidir agus ceanglais Rialachán (CE) Uimh.1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh á gcur san áireamh[1]**.** Ní bheadh aon ráthaíocht ann, áfach, i gcás srian nó toirmeasc a bheith ar úsáid , go mbeadh bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear bia le haghaidh naíonán agus leanaí óga, saor ó lotnaidicídí, toisc go n-éillíonn cuid lotnaidicídí an timpeallacht agus gur féidir a gcuid iarmhair a fháil i mbianna den sórt sin. Ba cheart, dá bhrí sin, go leagfaí síos, ag an leibhéal is ísle is indéanta, na huasleibhéil sin d'iarmhair i mbianna den sórt sin d'fhonn grúpaí leochaileacha sa daonra a chosaint, agus dea-chleachtais feirmeoireachta á gcur san áireamh chomh maith le foinsí eile neamhchosanta, amhail éilliú ón timpeallacht.

(22) Ba cheart srianta agus toirmisc ar lotnaidicídí áirithe atá coibhéiseach leis na srianta agus na toirmisc atá bunaithe faoi láthair sna hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2006/141/CE agus le Treoir 2006/125/CE a chur san áireamh sna gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo**.** Ba cheart srianta agus na toirmisc sin a nuashonrú go tráthrialta, agus aird ar leith a thabhairt do na lotnaidicídí sin a bhfuil substaintí gníomhacha, teorantóirí nó ábhar sineirgíochta iontu a rangaítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán[2] mar chatagóir shó-ghineach 1A nó 1B, mar chatagóir 1A nó 1B carcanaigine, ar tocsain iad maidir le catagóir 1A nó 1B atáirgthe, nó a bhfuiltear den tuairm go bhfuil airí réabtha iontálacha acu is féidir éifeacht dhíobhálach a imirt ar dhaoine.

---

[1] IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.
[2] IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

(23) Maidir le substaintí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair núíosacha bia[1], níor cheart go gcuirfí iad le bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo ach amháin má chomhlíonann substaintí den sórt sin na coinníollacha le haghaidh chur ar an margadh faoi Rialachán (CE) Uimh.258/97 de bhreis ar na coinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán seo agus sna gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo. Nuair a bheidh athrú suntasach ar mhodh táirgthe substainte, ar substaint í a úsáideadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, nó nuair a thiocfaidh athrú ar mhéid cáithníní na substainte sin, mar shampla trí nanaitheicneolaíocht, ba cheart a mheas go bhfuil an tsubstaint sin éagsúil leis an tsubstaint a úsáideadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus ba cheart meastóireacht a dhéanamh uirthi athuair faoi Rialachán (EC) Uimh. 258/97 agus ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo.

(24) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí[2] ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais ghinearálta lipéadaithe sin, mar riail ghinearálta, maidir leis na catagóirí bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo freisin do cheanglais bhreise i ndáil le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, nó maoluithe ón Rialachán sin, nuair is gá, chun gur féidir cuspóirí sonracha an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

---

1 IO L 43, 14.2.1997, lch. 1.
2 IO L 304, 22.11.2011, lch. 18.

(25) Níor cheart, leis an lipéadú, le cur i láthair nó le fógraíocht an bhia a chumhdaítear leis an Rialachán seo, go sannfaí don bhia sin an t-airí chun galar daonna a chosc, a chóireáil nó a leigheas agus níor cheart a thabhairt le tuiscint leis an méid sin go bhfuil airíonna den chineál sin sa bhia sin. Tá bia chun críocha speisialta míochaine ceaptha, áfach, chun bainistiú a dhéanamh ar aiste bia othar a bhfuil, mar shampla, a gcumas chun gnáthbhia a chaitheamh teoranta, lag nó suaite mar gheall ar ghalar, ar aicíd nó ar a riocht sláinte. Níor cheart a mheas, maidir le tagairtí do bhainistiú aiste bia i ndáil le galair, aicíd nó riocht sláinte a bhfuil an bia ceaptha lena n-aghaidh, go sanntar airí dó ar airí é a bhaineann le galar daonna a chosc, a chóireáil nó a leigheas.

(26) Ar mhaithe le tomhaltóirí leochaileacha a chosaint, ba cheart go n-áiritheofaí do thomhaltóirí, leis na ceanglais lipéadaithe, sainaithint bheacht an táirge. I gcás bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantaigh ba cheart go gcumasófaí idirdhealú soiléir a dhéanamh idir foirmlí éagsúla leis an bhfaisnéis uile scríofa agus pictiúrtha. D'fhéadfadh sé, agus aois bheacht an naíonáin a bhfuil pictiúr de ar lipéad á sainaithint acu, go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí agus go gcuirfí bac orthu maidir leis an táirge a shainaithint. Ba cheart go ndéanfaí an baol sin a sheachaint trí shrianta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le lipéadú. Ina theannta sin, agus á chur san áireamh go bhfuil i gceist le bainne foirmle bia lena sásaítear ceanglais chothaithe naíonán ó uair a mbreithe go dtí go dtugtar bia comhlántach dóibh, tá géarghá le sainaithint chuí táirgí a dhéanamh ar mhaithe le tomhaltóirí a chosaint. Ba cheart, dá bhrí sin, srianta iomchuí a thabhairt isteach a bhaineann le bainne foirmle do naíonáin a chur i láthair agus fógraíocht a dhéanamh ina leith.

(27) Ba cheart go soláthrófaí leis an Rialachán seo na critéir chun na ceanglais shonracha maidir le comhshuímh agus le faisnéis a bhunú maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte, bia chun críocha speisialta míochaine ,agus ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, agus Treoir 96/8/CE, Treoir 1999/21/CE, Treoir 2006/125/CE agus Treoir 2006/141/CE á gcur san áireamh. .

(28) Le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006[1], bunaítear na rialacha agus na coinníollacha a bhaineann le maímh chothaitheacha agus shláinte a úsáid ar bhia. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin mar riail ghinearálta maidir leis na catagóirí bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ach amháin má shonraítear a mhalairt sa Rialachán seo nó i ngníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo.

(29) De réir na moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), ba cheart go gcothófaí naíonáin ar ísealmheáchan breithe le bainne na máthar. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ceanglais speisialta chothaitheacha ag naíonáin ar ísealmheáchan breithe agus ag naíonáin neamhaibí ar ceanglais iad nach féidir freastal orthu le bainne na máthar ná le gnáth-bhainne foirmle do naíonáin. I ndáiríre, is féidir go mbraithfeadh ceanglais chothaitheacha i ndáil le hísealmheáchan breithe agus naíonáin neamhaibí ar riocht sláinte an naíonáin, go háirithe ar an meáchan atá ag an naíonán sin le hais naíonáin i mbarr a shláinte, agus ar mhéid na seachtainí roimh aibíocht iomlán a rugadh é. Is de réir an cháis a chinnfear an gá bia chun críocha speisialta míochaine a thabhairt don naíonán faoi threorú dochtúra mar gheall ar riocht an naíonáin, ar bia é a forbraíodh chun ceanglais chothaitheacha naíonán a shásamh agus a cuireadh in oiriúint do bhainistiú aiste bia i ndáil le riocht sonrach an naíonáin sin.

1 IO L 404, 30.12.2006, lch. 9.

(30) Ceanglaítear le Treoir 1999/21/CE go bhfuil feidhm ag ceanglais áirithe chomhdhéanaimh maidir le bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach amhail a leagtar amach i dTreoir 2006/141/CE ar bhia chun críocha speisialta míochaine atá ceaptha do naíonáin, ag brath ar an aois atá acu. Níl feidhm faoi láthair, afach, ag forálacha áirithe a leagtar amach i dTreoir 2006/141/CE maidir le bia den sórt sin, lena n-áirítear iad siúd maidir le lipéadú, cur i láthair, fógraíocht, cleachtais chur chun cinn agus cleachtais tráchtála. Is gá, de bharr athruithe sa mhargadh mar aon le méadú suntasach ar bhia den sórt sin, athbhreithniú a dhéanamh ar cheanglais le haghaidh bainne foirmle atá ceaptha le haghaidh naíonán, amhail ceanglais maidir le húsáid lotnaidicídí i dtáirgí atá ceaptha chun bainne foirmle den sórt sin a tháirgeadh, lipéadú, cur i láthair, fógraíocht, cleachtais chur chun cinn agus cleachtais tráchtála, ar ceanglais iad ar cheart go mbeadh feidhm acu freisin, de réir mar is iomchuí, ar bhia do naíonáin chun críocha speisialta míochaine atá ceaptha chun ceanglais chothaitheacha naíonán a shásamh.

(31) Tá méadú tagtha ar líon na dtáirgí deochanna bainnebhunaithe agus na dtáirgí comhchosúla ar mhargadh an Aontais a chuirtear chun cinn mar dheochanna agus mar tháirgí atá oiriúnach do leanaí óga go háirithe. Na táirgí sin, ar féidir iad a fháil ó phróitéin de thionscnamh ainmhithe nó glasraí amhail bainne bó, bainne gabhar, soighe nó rís, margaítear iad go minic mar 'Bainne le haghaidh Fáis' nó "Bainne le haghaidh 'lapadán'" nó baintear leas as téarmaí comhchosúla. Cé go rialaítear na táirgí sin faoi láthair le gníomhartha dlíthiúla éagsúla de chuid dhlí an Aontais amhail Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006, Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, agus Treoir 2009/39/CE, ní chumhdaítear iad leis na bearta sonracha atá ann cheana a bhaineann le bia a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga. Tá tuairimí éagsúla ann i dtaobh cé acu a chomhlíonann na táirgí sin ceanglais chothaitheacha shonracha an ghrúpa daonra ar bhfuil siad dírithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hinmhianaitheacht forálacha speisialta i ndáil le comhdhéanamh, lipéadú agus, más iomchuí, cineálacha eile ceanglas na dtáirgí sin. Ba cheart go mbreithneofar sa tuarascáil sin ceanglais chothaitheacha na leanaí óga, *inter alia*, agus ról na dtáirgí sin in aiste bia na leanaí, agus an patrún tomhaltais, iontógáil chothaitheach agus leibhéal neamhchosanta na leanaí óga sin i leith éilleán agus lotnaidicídí á gcur san áireamh. Ba cheart go mbreithneofaí sa tuarascáil freisin comhdhéanamh na dtáirgí sin agus cibé an mbaineann sochair chothaitheacha leo i gcomparáid le gnáthaiste bia do leanbh atá á scoitheadh den chíoch. D'fhéadfadh an Coimisiún togra reachtach a chur i dteannta na tuarascála sin.

(32) Déantar foráil i dTreoir 2009/39/CE gur féidir forálacha sonracha a ghlacadh i ndáil leis an dá chatagóir shonracha seo a leanas de bhia a thagann faoin sainmhíniú ar earraí bia a cheaptar lena úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe: 'bia a cheaptar lena úsáid chun na ceanglais a bhaineann le dianiarracht mhatánach a chomhlíonadh, go háirithe i gcás lucht spóirt' agus 'bia le haghaidh daoine a bhfuil neamhoird mheitibileachta carbaihiodráití (diaibéiteas) orthu'. Maidir le forálacha speisialta le haghaidh bia do dhaoine a bhfuil neamhoird mheitibileachta carbaihiodráití (diaibéiteas) orthu, is é tátal a bhain tuarascáil an 6 Meitheamh 2008 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le bianna do dhaoine a bhfuil neamhoird mheitibileachta carbaihiodráití (diaibéiteas) orthu go bhfuil easnamh sa bhunús eolaíochta i ndáil le ceanglais shonracha chomhdhéanaimh a shocrú. Maidir le bia a cheaptar lena úsáid chun na ceanglais a bhaineann le dianiarracht mhatánach a chomhlíonadh, go háirithe i gcás lucht spóirt, ní fhéadfaí teacht ar réiteach sásúil maidir le forbairt forálacha sonracha mar gheall ar thuairimí an-éagsúil i measc na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí maidir le raon feidhme de chuid na reachtaíochta sonraí, líon na bhfochatagóirí bia a bheidh le háireamh, na critéir maidir le ceanglais chomhdhéanaimh a bhunú agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar nuálaíocht i bhforbairt táirgí. Níor cheart, dá bhrí sin, forálacha nua a cheapadh ag an gcéim seo. Idir an dá linn, ar bhonn iarrataí arna dtíolacadh ag oibreoirí gnóthaí bia, rinneadh na maímh ábhartha a mheas i gcomhair a n-údaraithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006**.**

(33) Tá tuairimí éagsúla ann, áfach, faoi cibé an gá rialacha breise d'fhonn cosaint leordhóthanach a áirithiú do na tomhaltóirí a itheann bia a cheaptar do lucht spóirt, ar a ngairtear freisin bia a cheaptar lena úsáid chun freastal ar na ceanglais a bhaineann le dianiarracht mhatánach a chomhlíonadh. Ba cheart a iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndiaidh dó dul i mbun comhairle leis an Údarás ar tuarascáil í maidir leis an ngá, más ann dó, le forálacha a bhaineann le bia atá ceaptha do lucht spóirt. Ba cheart go n-áireofaí le linn an chomhairliúcháin leis an Údarás an tuarascáil a thíolaic Coiste Eolaíoch ar Bhia an 28 Feabhra 2001 maidir le comhdhéanamh agus sonraíocht an bhia a cheaptar lena úsáid chun na ceanglais a bhaineann le dianiarracht mhatánach a chomhlíonadh, go háirithe i gcás lucht spóirt. Sa tuarascáil a thíolacfaidh sé, ba cheart don Choimisiún a mheas an mbeidh gá le forálacha chun cosaint na dtomhaltóirí a áirithiú go háirithe.

(34) Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann treoirlínte teicniúla a ghlacadh ina ndíreofar ar chabhrú leis na hoibreoirí gnó bia, go háirithe na FBManna, an Rialachán seo a chomhlíonadh.

(35) Agus an staid mar atá faoi láthair maidir leis an margadh agus Treoir 2006/125/CE, Treoir 2006/141/CE, agus Rialachán 953/2009 á gcur san áireamh, tá sé iomchuí liosta de chuid an Aontais a bhunú a mbeidh substaintí a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas de shubstaintí air agus tá sé iomchuí é a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo: vitimíní, mianraí, aimínaigéid, carnaítín agus táirín, núicléitídí, coilín agus ionóisíotól. I measc na substaintí a bhaineann leis na catagóirí sin, ní cheart go bhféadfaí ach iad siúd a liostaítear ar liosta an Aontais a chur leis na catagóirí bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Nuair a chumhdaítear substaintí i liosta an Aontais, ba cheart go sonrófaí cén catagóir bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo ar féidir substaintí mar sin a chur leis.

(36) Leis na substaintí a chur san áireamh i liosta an Aontais, níor cheart a thabhairt le tuiscint go bhfuil gá le hiad a chur le catagóir bia amháin nó níos mó a chumhdaítear leis an Rialachán seo, nó go bhfuil sé sin inmhianaithe. Níl liosta an Aontais ceaptha ach chun na substaintí a léiriú a bhaineann le catagóirí substaintí ar leith atá údaraithe le cur le catagóir bia amháin nó níos mó a chumhdaítear leis an Rialachán seo, cé go bhfuil na ceanglais shonracha chomhdhéanaimh ceaptha chun comhdhéanamh gach catagóir bia a chumhdaítear leis an Rialachán seo a bhunú .

(37) D'fhéadfaí roinnt de na substaintí a fhéadfar a chur leis an mbia a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur isteach chun críocha na teicneolaíochta amhail mar bhreiseáin bia, mar dhathúcháin, mar bhlastáin nó chun críocha eile den sórt a bhforáiltear dóibh le dlíthe ábhartha an Aontais is infheidhme maidir le bia, lena n-áirítear cleachtais agus próisis fhíoneolaíocha, Sa chomhthéacs sin déantar na sonraíochtaí maidir leis na substaintí sin ar leibhéal an Aontais. Tá sé iomchuí, ach amháin i gcás go bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo, gur cheart go mbeadh na sonraíochtaí sin infheidhme maidir leis na substaintí sin pé cuspóir a ngabhann lena n-úsáid i mbia.

(38) Maidir leis na substaintí atá san áireamh i liosta an Aontais nach bhfuil critéir íonachta glactha ina leith fós ar leibhéal an Aontais, agus d'fhonn leibhéal ard de chosaint shláinte an phobail a áirithiú, ba cheart go mbeadh feidhm ag critéir i ndáil le híonacht a nglactar leo go ginearálta agus a mholann eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear an Comhchoiste Saineolaithe maidir le Breiseáin i mBia (JECFA) agus EUP (Pharmacopoeia Eorpach). Ba cheart a cheadú do na Ballstáit na rialacha náisiúnta lena leagtar síos critéir níos déine íonachta a choimeád, gan dochar do na rialacha a leagtar amach i CFAE**.**

(39) D'fhonn na ceanglais a shonrú le haghaidh na catagóirí bhia a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le ceanglais shonracha maidir le comhdhéanaimh agus le faisnéise a leagan síos, lena n-áirítear na ceanglais lipéadaithe de bhreis ar Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, nó maidir leis na ceanglais ar maoluithe uathu iad agus i ndáil le maímh chothaitheacha agus shláinte a údarú. Ina theannta sin, d'fhonn tomhaltóirí a chumasú chun tairbhe a bhaint go tapa as dul chun cinn sa teicneolaíocht agus san eolaíocht, go háirithe maidir le táirgí nuálacha, agus mar sin an nuáil a spreagadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin chun nuashonrú tráthrialta a dhéanamh ar na ceanglais sonracha, agus na sonraí ábhartha uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear sonraí a chuirfidh páirtithe leasmhara ar fáil. Ina theannta sin, chun dul chun cinn teicniúil, forbairtí eolaíocha nó sláinte na dtomhaltóirí a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean don Choimisiún freisin maidir le catagóirí breise de shubstaintí a bhfuil éifeacht chothaitheach nó fhiseolaíoch acu a chur le liosta an Aontais nó maidir le catagóir a bhaint de liosta chatagóirí na substaintí a chumhdaítear le liosta an Aontais. Ar mhaithe leis na críocha céanna agus faoi réir ceanglas breise arna leagan síos sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin i dtaca le liosta an Aontais a leasú trí shubstaint nua a chur leis nó substaint a bhaint de, agus trí na heilimintí i liosta an Aontais a chur isteach, a bhaint amach nó a leasú, ar eilimintí iad a bhaineann le substaint. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(40) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún le go ndéanfaidh sé cinneadh faoi cibé an dtagann bia ar leith faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus cén chatagóir bia lena sé. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[1].

[1] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(41) Faoi láthair, déantar na rialacha maidir le húsáid na ráiteas 'saor ó ghlútan' agus 'méid an-bheag glútain' a shonrú i Rialachán (CE) Uimh. 41/2009. Leis an Rialachán sin, comhchuibhítear an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí maidir le neamhláithreacht nó láithreacht laghdaithe glútain i mbia agus leagtar rialacha sonracha amach ann do bhia a dhéantar a phróiseáil, a tháirgeadh, a ullmhú, agus/nó a mhonarú ar bhealach speisialta chun an méid glútain atá i gcomhábhar amháin nó níos mó a bhfuil glútan ann a laghdú nó chun malartú a dhéanamh ar chomhábhair den sórt sin a bhfuil glútan iontu agus ar bhia eile a dhéantar go heisiach as comhábhair atá saor go nádúrtha ó ghlútan. Le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 leagtar amach rialacha maidir le faisnéis atá le cur ar fáil faoi chomhábhair atá i ngach bia, lena n-áirítear bia nach bhfuil réamhphacáistithe, amhail comhábhair ina bhfuil glútan, a bhfuil sé cruthaithe go heolaíoch go bhfuil éifeacht ailléirgeach nó éadulangach acu, chun go bhféadfaidh tomhaltóirí, go háirithe iad siúd a bhfuil ailléirge nó éadulaingt bhia acu amhail daoine atá éadulangach ar ghlútan, roghanna eolasacha a dhéanamh a bheidh slán dóibhsean. Ar mhaithe le soiléire agus le comhsheasmhacht, ba cheart na rialacha maidir leis na ráitis 'saor ó ghlútan' agus 'méid an-bheag ghlútain' a rialáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011. Maidir leis na gníomhartha atá le glacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, chun na rialacha maidir le húsáid na ráiteas 'saor ó ghlútan' agus 'méid an-bheag glútain', mar atá i Rialachán (CE) Uimh. 41/2009, a aistriú, ba cheart go n-áiritheofaí leo an leibhéal céanna cosanta, ar a laghad, agus a fhaigheann daoine atá éadulangach ar ghlútan agus dá bhforáiltear faoi Rialachán (CE) Uimh. 41/2009. Ba cheart go ndéanfaí aistriú sin na rialacha i gcrích sula mbeidh feidhm ag an Rialachán seo. Ina theannta sin ba cheart don Choimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar an mbealach chun a áirithiú go gcuirtear daoine atá éadulangach ar ghlútan ar an eolas go leordhóthanach maidir leis an difríocht idir bia a dhéantar a tháirgeadh, a ullmhú, agus/nó a mhonarú ar bhealach speisialta chun laghdú a dhéanamh ar an méid glútain atá i gcomhábhar amháin nó níos mó ina bhfuil glútan agus bia eile a dhéantar go heisiach as comhábhair atá saor go nádúrtha ó ghlútan.

(42) Rialacha maidir le lipéadú agus comhdhéanamh ina sonraítear neamhláithreacht nó láithreacht laghdaithe de lachtós i mbia, níl na rialacha sin comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais faoi láthair. Tá na tásca sin tábhachtach, áfach, do dhaoine atá éadulangach ar lactós. Leagtar amach, i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, rialacha maidir le faisnéis atá le cur ar fáil faoi shubstaintí a bhfuil sé cruthaithe go heolaíoch go bhfuil éifeacht ailléirgeach nó éadulangach acu, chun go bhféadfaidh tomhaltóirí amhail daoine atá éadulangach ar lachtós, roghanna eolasacha a dhéanamh a bheidh slán dóibhsean. Ar mhaithe le soiléire agus le comhsheasmhacht, ba cheart bunú rialacha maidir le ráitis lena sonraítear neamhláithreacht nó láithreacht laghdaithe lachtóis i mbia a rialáil faoi Rialachán (AE) Uimh. 1169/201, agus Tuairim Eolaíoch an Údaráis an 10 Meán Fómhair 2010 maidir leis na tairsí lachtóis in éadulaingt lachtóis agus i ngalactóiséime á cur san áireamh.

(43) Meastar gur bia a cheaptar lena úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe é ‘malartú ar bhéile chun críocha meáchan a rialú’ a cheaptar chun ionad cuid den aiste bia laethúil a ghabháil agus rialaítear faoi láthair é le rialacha sonracha faoi Threoir 96/8/CE. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar an líon bia a bheartaítear don phobal ginearálta a bhfuil ráitis chosúla air a thíolactar mar mhaímh i leith sláinte chun críocha meáchan a rialú. Ionas nach mbeidh aon mhearbhall ann laistigh den ghrúpa sin de bhianna a mhargaítear chun críocha meáchan a rialú, agus ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus comhchuibheas reachtaíocht an Aontais, ba cheart an ráiteas sin a rialú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 amháin, agus ba cheart do na ráitis sin na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin a chomhlíonadh. Ní mór na hoiriúnuithe teicniúla arna ndéanamh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006agus a bhaineann leis na maímh i leith sláinte a thagraíonn do mheáchan coirp a rialú i gcás bia a thíolactar mar 'ionadach ar bhéile chun meáchan a rialú' agus coinníollacha úsáide na maíomh sin, faoi mar a rialaítear iad le Treoir 96/8/CE a chríochnú sula gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm.

(44) Ní dhéanann an Rialachán seo difear don oibleagáid cearta bunúsacha agus prionsabail dhlíthiúla bhunúsacha a urramú, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, de réir mar a chumhdaítear iad in Airteagal 11, i dteannta Airteagal 52, de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i bhforálacha ábhartha eile**.**

(45) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon na ceanglais chomhdhéanaimh agus faisnéise a bhunú do chatagóirí bia áirithe, liosta de chuid an Aontais de na substaintí a fhéadfar a chur le catagóirí bia áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo a bhunú agus na rialacha le haghaidh liosta an Aontais a nuashonrú, a bhaint amach go leordhóthanach agus, gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais mar gheall ar fhairsinge na gníomhaíochta atá beartaithe, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(46) Foráiltear le Treoir 92/52/CEE nach mór do bhainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach a onnmhairítear nó a ath-onnmhairítear ón Aontas, dlí an Aontais a chomhlíonadh mura gceanglaíonn an tír is allmhaireoir a mhalairt. Bunaíodh an prionsabal sin cheana féin maidir le bia i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002. Ar mhaithe le simpliú agus le deimhneacht dhlithiúil, ba cheart Treoir 92/52/CEE a aisghairm dá bhrí sin.

(47) Ba cheart Treoir 96/8/EC, 1999/21/CE, 2006/125/EC, 2006/141/EC agus 2009/39/EC agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 a aisghairm freisin.

(48) Tá gá le bearta idirthréimhseacha leordhóthanacha chun go mbeidh oibreoirí i ngnó an bhia in ann oiriúnú do cheanglais an Rialacháin seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

*Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais chomhdhéanaimh agus faisnéise i ndáil leis na catagóirí bia seo a leanas:

   (a) bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach;

   (b) bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin,

   (c) bia chun críocha speisialta míochaine;

   (d) ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú.

2. Bunaítear leis an Rialachán seo liosta an Aontais de shubstaintí a d'fhéadfaí a chur le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí bia dá dtagraítear i mír 1 agus leagtar síos leis na rialacha is infheidhme maidir leis an liosta sin a nuashonrú.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) na sainmhínithe ar 'bia', 'oibreoir gnó bia', 'miondíol' agus ar 'cur ar an margadh' a leagtar amach faoi seach in Airteagal 2 agus i bpointe (3), pointe (7) agus pointe (8) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

   (b) na sainmhínithe ar 'bia réamhphacáilte', ar 'lipéadú' agus ar 'nana-ábhar monaraithe' a leagtar amach faoi seach i bpointe (e) (j) agus (t) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh.1169/2011;

   (c) na sainmhínithe ar 'maíomh cothaithe' agus ar 'maíomh sláinte' a leagtar amach faoi seach i bpointe (4) agus i bpointe (5) d'Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006.

2. Beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) ciallaíonn 'naíonán' leanbh faoi aois 12 mhí;

(b) ciallaíonn ‘leanbh óg’ leanbh idir aon bhliain agus trí bliana d'aois;

(c) ciallaíonn ‘bainne foirmle do naíonáin’ bia atá ceaptha lena úsáid ag naíonáin sna chéad mhíonna i ndiaidh a mbreithe agus a chomhlíonann, leis féin, ceanglais chothaitheacha na naíonán sin go dtí go dtugtar isteach beathú comhlántach iomchuí;

(d) ciallaíonn ‘bainne foirmle leantach' bia atá ceaptha lena úsáid ag naíonáin nuair a thugtar isteach beathú comhlántach iomchuí agus arb éard é an phríomhghné leachtach d’aiste bia atá á héagsúlú de réir a chéile do na naíonáin sin;

(e) ciallaíonn 'bia gránachbhunaithe próiseáilte’:

(i) bia atá ceaptha lena úsáid mar bhia chun ceanglais áirithe naíonán a bhfuil sláinte mhaith acu a chomhlíonadh le linn iad a scoitheadh den chíoch, agus bia atá ceaptha lena úsáid mar bhia chun ceanglais áirithe leanaí óga a bhfuil sláinte mhaith acu a chomhlíonadh ar bia é a chuireann lena réim bia; agus/nó bia a thugtar dóibh chun go rachaidh siad i dtaithí de réir a chéile ar ghnáthbhia; agus

(ii) bia a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

– gránaigh shimplí a dhéantar a fhliuchadh nó is gá a fhliuchadh le bainne nó le leachtanna scamhardacha iomchuí eile,

– gránaigh a bhfuil bia ardphróitéine curtha leo a dhéantar a fhliuchadh nó is gá a fhliuchadh le bainne nó le leacht eile atá saor ó phróitéin,

– pasta atá le caitheamh tar éis a chócarála in uisce beirithe nó leachtanna iomchuí eile;

– roscaí agus brioscaí atá le caitheamh go díreach, nó tar éis a bpúdraithe, ach uisce, bainne nó leachtanna eile oiriúnacha a chur leo;

(f) ciallaíonn 'bia do naíonáin' bia a cheaptar lena úsáid mar bhia chun ceanglais áirithe naíonán a bhfuil sláinte mhaith acu a chomhlíonadh le linn iad a scoitheadh den chíoch, agus bia a cheaptar lena úsáid mar bhia chun ceanglais áirithe leanaí óga a bhfuil sláinte mhaith acu a chomlíonadh a chuireann lena n-aiste bia agus/nó chun go rachaidh siad i dtaithí de réir a chéile ar ghnáthbhia, seachas:

(i) bia gránachbhunaithe próiseáilte agus

(ii) deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena n-úsáid mar bhia do leanaí óga;

(g) ciallaíonn 'bia chun críocha speisialta míochaine' bia atá próiseáilte nó foirmlithe go sonrach agus a cheaptar lena úsáid mar bhia chun aiste bia othar, lena n-áirítear naíonáin, a bhainistiú agus atá le húsáid faoi chúram leighis agus atá ceaptha lena úsáid do bheathú eisiach nó páirteach othar a bhfuil cumas teoranta, lagaithe nó suaite acu maidir le gnáthbhia nó cothaithigh áirithe sa ghnáthbhia nó meitibilítí a ghlacadh, a dhíleá, a ionsú, a mheitibiliú nó a dhíchur, nó othar a bhfuil ceanglais chothaíochais eile acu arna gcinneadh ag an lucht leighis, ar othair iad nach féidir a n-aiste bia a bhainistiú tríd an ngnáthaiste bia amháin a mhodhnú.

(h) ciallaíonn 'ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú' bia atá foirmlithe go sonrach le go n-úsáidfear é in aistí bia fuinneamhshrianta chun meáchan a laghdú, ar bia é a ghabhann ionad na haiste bia laethúla iomláine nuair a úsáidtear é i gcomhréir le treoracha an oibreora ghnó bhia.

*Airteagal 3*

*Cinntí maidir le léirithe*

D'fhonn cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) an dtagann bia ar leith faoi raon feidhme an Rialacháin seo;

(b) cén chatagóir shonrach bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) lena mbaineann bia ar leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 4*

*Bia a chur ar an margadh*

1. Ní fhéadfar bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur ar an margadh ach amháin má chomhlíonann sé an Rialachán seo.

2. Ní cheadófar bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur ar an margadh miondíola ach i bhfoirm bia réamhphacáilte.

3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit srian nó cosc a chur le bia a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar an margadh, ar chúiseanna a bhaineann lena chomhdhéanamh, lena mhonarú, lena chur i láthair nó lena lipéadú.

*Airteagal 5*

*Prionsabal an réamhchúraim*

D'fhonn ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú maidir leis na daoine a bhfuil an bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo ceaptha dóibh, beidh feidhm ag prionsabal an réamhchúraim de réir mar a leagtar amach é in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

# CAIBIDIL II
# CEANGLAIS CHOMHSHUÍMH AGUS FAISNÉISE

## ROINN 1
### CEANGLAIS GHINEARÁLTA

*Airteagal 6*
*Forálacha ginearálta*

1. Comhlíonfaidh bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) aon cheanglas de chuid dhlí an Aontais is infheidhme maidir le bia.

2. Beidh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo i réim thar aon cheanglas neamhréireach de dhlí an Aontais is infheidhme maidir le bia.

*Airteagal 7*

*Tuairimí an Údaráis*

Soláthróidh an tÚdarás tuairimí eolaíocha i gcomhréir le hAirteagal 22 agus le hAirteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 chun críche chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Beidh na tuairimí sin ina mbonn eolaíoch d'aon bheart a ghlacfaidh an tAontas de bhun an Rialacháin seo ar dócha go mbeidh éifeacht aige ar shláinte an phobail.

*Airteagal 8*

*Rochtain ar dhoiciméid*

Cuirfidh an Coimisiún Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain ag an bpobal ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin[1] i bhfeidhm i gcás iarratas ar rochtain ar aon doiciméad a chumhdófar leis an Rialachán seo.

*Airteagal 9*

*Ceanglais ghinearálta maidir le comhdhéanamh agus le faisnéis*

1. Fágfaidh comhdhéanamh an bhia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) gur iomchuí agus gur oiriúnach é chun ceanglais chothaitheacha na ndaoine a gceaptar dóibh é a chomhlíonadh, i gcomhréir le sonraí eolaíocha a nglactar leo go ginearálta.

---

1 IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

2. Maidir le bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1), ní bheidh aon substaint ann ar leor í chun sláinte na ndaoine a gceaptar an bia dóibh a chur i mbaol.

Maidir le substaintí ar nana-ábhair monaraithe iad, déanfar comhlíonadh na gceanglas sa chéad fhomhír a léiriú ar bhonn modhanna tástála leordhóthanacha, i gcás inarb iomchuí..

3. Ar bhonn sonraí eolaíocha a ghlactar leo go ginearálta, beidh na substaintí a chuirtear le bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) chun críocha na gceanglas faoi mhír 1 den Airteagal seo bith-infhaighte le húsáid ag an gcolainn dhaonna, beidh éifeacht chothaitheach nó fhiseolaíoch acu agus beidh siad oiriúnach do na daoine a gceaptar dóibh é.

4. Gan dochar d'Airteagal 4(1) den Rialachán seo, féadfaidh substaintí, a chumhdaítear le hAirteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 258/97, a bheith i mbia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo, ar choinníoll go gcomhlíonfar leis na substaintí sin na coinníollacha faoin Rialachán sin lena gcur ar an margadh.

5. Le lipéadú, le tíolacadh agus le fógraíocht an bhia dá dtagraítear in Airteagal 1(1), cuirfear faisnéis ar fáil faoin mbia sin a úsáid ar bhealach iomchuí, agus ní bheidh sí míthreorach agus ní chuirfear airí síos do bhia go ndéanann sé galar daonna a chosc, a chóireáil nó a leigheas, ná ní thabharfar le fios go bhfuil na hairíonna sin i gceist.

6. Ní chuirfear cosc le mír 5 ar aon fhaisnéis nó ar aon mholtaí a bheidh úsáideach a scaipeadh, ar faisnéis í nó ar moltaí iad, a cheapfar go heisiach do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí acu sa leigheas, sa chothú agus sa chógaisíocht nó do ghairmithe cúram sláinte eile atá freagrach as cúram máthartha agus as cúram páistí.

*Airteagal 10*

*Ceanglais bhreise le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach*

1. Dearfar lipéadú, cur i láthair agus fógraíocht bhainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach ar bhealach nach ndéanfaidh cothú cíche a dhímholadh.

2. Ní bheidh pictiúir de naíonáin, nó pictiúir eile nó téacs a d'fhéadfadh úsáid na mbainne foirmle sin a idéalú ar an lipéadú, ar an gcur i láthair nó ar an bhfógraíocht atá ar bhainne foirmle do naíonáin, ná ar bhainne foirmle leantach.

   Gan dochar don chéad fhomhír , ceadófar léirithe grafacha chun an bainne foirmle do naíonáin agus an bainne foirmle leantach a aithint go héasca agus chun modhanna ullmhúcháin a léiriú.

## ROINN 2

## CEANGLAIS SHONRACHA

*Airteagal 11*

*Ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh agus le faisnéis*

1. Faoi réir na gceanglas ginearálta a leagtar amach in Airteagal 6 agus Airteagal 9, faoi réir cheanglais bhreise Airteagal 10 agus an dul chun cinn ábhartha teicniúil agus eolaíoch a bheidh déanta á chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18, i ndáil leis an méid seo a leanas:

   (a) na ceanglais shonracha chomhdhéanaimh is infheidhme maidir leis an mbia dá dtagraítear in Airteagal 1(1), cé is moite do na ceanglais mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn.

   (b) na ceanglais shonracha maidir le húsáid lotnaidicídí i dtáirgí a cheaptar le haghaidh tháirgeadh bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus maidir le hiarmhar lotnaidicídí sa bhia sin. Maidir leis na ceanglais shonracha do na catagóirí bia dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 1(1) agus do bhia chun críocha speisialta míochaine a forbraíodh chun ceanglais chothaitheacha naíonán agus leanaí óga a chomhlíonadh, déanfar iad a nuashonrú go rialta agus áireofar iontu, *inter alia*, forálacha chun srian a chur ar úsáid lotnaidicídí a mhéid is féidir;

   (c) na ceanglais shonracha maidir le lipéadú, tíolacadh agus fógraíocht an bhia dá dtagraítear in Airteagal 1(1), lena n-áirítear údarú maíomh maidir le cothú agus maidir le sláinte i dtaca leis an mbia sin;

(d) na ceanglais i dtaca le fógra a thabhairt chun bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chur ar an margadh chun faireachán oifigiúil éifeachtach an bhia sin a éascú agus ar a bhonn a dtabharfaidh oibreoirí gnó bia fógra d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an bia sin á mhargú;

(e) na ceanglais a bhaineann le cleachtais tionscnaimh agus tráchtála a bhaineann le bainne foirmle do naíonáin; agus

(f) na ceanglais a bhaineann le faisnéis a bheidh le soláthar i ndáil le beathú naíonán agus leanaí óga chun a áirithiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ann ar chleachtais bheathaithe iomchuí.

(g) na ceanglais shonracha, do bhia chun críocha speisialta míochaine a forbraíodh chun ceanglais chothaitheacha naíonán agus leanaí óga a chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais chomhdhéanaimh agus ceanglais i dtaca le lotnaidicídí agus iarmhairtí lotnaidicídí a úsáid i dtáirgí atá beartaithe chun bia den sórt sin a tháirgeadh, lipéadú, cur i láthair, fógraíocht, agus cleachtais tionscnaimh agus tráchtála, mar is iomchuí.

Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin tráth faoin ....*

---

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Faoi réir na gceanglas ginearálta a leagtar amach in Airteagal 6 agus in Airteagal 9, faoi réir cheanglais bhreise Airteagal 10, agus an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch ábhartha á chur san áireamh, lena n-áirítear na sonraí a chuirfidh na páirtithe leasmhara ar fáil i ndáil le táirgí nuálacha, beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 d'fhonn na gníomhartha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a nuashonrú.

I gcás rioscaí don tsláinte a bheith ag teacht chun cinn agus mórchúiseanna práinne a bheith á éileamh, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun na míre sin.

*Airteagal 12*

*Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena n-úsáid mar bhia do leanaí óga*

Faoin…* , déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an ngá, más ann dó, atá le forálacha speisialta do dheochanna bainnebhunaithe agus do tháirgí comhchosúla atá ceaptha do leanaí óga, i ndáil le ceanglais chomhdhéanaimh agus lipéadaithe agus, más iomchuí, cineálacha eile ceanglas. Breithneoidh an Coimisiún sa tuarascáil, *inter alia*, ceanglais chothaitheacha leanaí óga, ról na dtáirgí sin in aiste bia leanaí óga agus an mbaineann sochair chothaíochais leis na táirgí sin i gcomparáid le gnáthaiste bia linbh a bheadh á scoitheadh den chíoch nó nach mbaineann. Féadfaidh togra iomchuí reachtach a bheith i dteannta na tuarascála sin, mas gá.

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 13*

*Bianna a cheaptar do lucht spóirt*

Faoin…[*] , cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, i ndiaidh dó dul i mbun comhairliúcháin leis an Údarás, ar tuarascáil í maidir leis an ngá, más ann dó, atá le forálacha a dhéanamh do bhia atá ceaptha do lucht spóirt. Féadfaidh togra iomchuí reachtach a bheith i dteannta na tuarascála sin, mas gá.

*Airteagal 14*

*Treoirlínte teicniúla*

Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte teicniúla a ghlacadh chun cabhrú leis na hoibreoirí gnóthaí bia, go háirithe na FBManna, Caibidil II agus III a chomhlíonadh.

---

[*] IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 2 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

# CAIBIDIL III
# LIOSTA AN AONTAIS

*Airteagal 15*

*Liosta an Aontais*

1. Féadfar substaintí a bhaineann leis na catagóirí substaintí a leanas a chur le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1), ar choinníoll go mbeidh na substaintí sin ar áireamh i liosta an Aontais, a leagtar amach san Iarscríbhinn agus go gcomhlíonann siad na gnéithe atá i liosta an Aontais i gcomhréir le mír 3 den Airteagal sin:

   (a) vitimíní;

   (b) mianraí;

   (c) aimínaigéid;

   (d) carnaítín agus táirín,

   (e) núicléitídí,

   (f) coilín agus ionóisíotól.

2. Comhlíonfaidh substaintí a atá ar áireamh i liosta an Aontais na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6 agus in Airteagal 9, agus, i gcás inarb infheidhme, na ceanglais shonracha a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 11.

3. Beidh na gnéithe seo a leanas i liosta an Aontais:

(a) an chatagóir bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) lena bhféadfar substaintí a bhaineann leis na catagóirí a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo a áireamh

(b) ainm na substainte agus tuairisc uirthi agus i gcás inarb iomchuí, sonrú ar a fhoirm;

(c) i gcás inarb iomchuí, coinníollacha úsáide na substainte;

(d) i gcás inarb iomchuí, critéir íonachta is infheidhme maidir leis an tsubstaint;

4. Maidir leis na critéir íonachta arna mbunú ag dlí an Aontais is infheidhme do bhia, a mbeidh feidhm acu maidir le substaintí atá ar áireamh i liosta an Aontais nuair a úsáidfear iad chun bia a mhonarú chun críocha seachas iad sin atá cumhdaithe faoin Rialachán sin, beidh feidhm acu maidir leis na substaintí sin nuair a úsáidfear iad chun críocha atá cumhdaithe faoin Rialachán sin mura mbeidh a mhalairt sonraithe sa Rialachán sin.

5. Maidir le substaintí atá ar áireamh i liosta an Aontais, agus nach bhfuil critéir íonachta bunaithe ag dlí an Aontais is infheidhme do bhia dóibh, beidh feidhm ag na critéir íonachta a nglactar leo go ginearálta arna moladh ag comhlachtaí idirnáisiúnta go dtí go nglacfar critéir den sórt sin.

Féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta a choinneáil ina leagfar síos critéir íonachta níos doichte.

6. Chun dul chun cinn teicniúil, forbairtí eolaíocha nó sláinte tomhaltóirí a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, i ndáil leis na catagóirí substaintí atá liostaithe i mír 1 den Airteagal seo, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) catagóir substaintí a bhaint;

(b) catagóir substaintí a bhfuil éifeacht chothaitheach nó fhiseolaíoch acu a chur isteach.

7. Féadfar substaintí a bhaineann le catagóirí nach liostaítear i mír 1 den Airteagal seo a chur le bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1), ar chuntar go gcomhlíonfar leo na ceanglais ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 6 agus in Airteagal 9, agus, i gcás inarb infheidhme, na ceanglais shonracha a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 11.

*Airteagal 16*

*Liosta an Aontais a nuashonrú*

1. Faoi réir na gceanglas ginearálta a leagtar amach in Airteagal 6 agus in Airteagal 9 agus, i gcás inarb infheidhme, faoi réir na gceanglas sonrach a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 11, agus chun an dul chun cinn teicniúil, na forbairtí eolaíocha nó cosaint sláinte na dtomhaltóirí a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18, chun an Iarscríbhinn a leasú, i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) substaint a chur le liosta an Aontais;

(b) substaint a bhaint de liosta an Aontais;

(c) na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 15(3) a chur isteach, a bhaint nó a leasú.

2. I gcás rioscaí don tsláinte a bheith ag teacht chun cinn agus ina n-éilítear sin ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 19 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

# CAIBIDIL IV
# FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*Airteagal 17*

*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Buanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

   I gcás ina mbeidh tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, cuirfear deireadh leis an nós imeachta sin gan toradh nuair a chinnfidh cathaoirleach an choiste amhlaidh, laistigh den teorainn ama chun tuairim a thabhairt, nó nuair a iarrfaidh tromlach simplí de chomhaltaí an choiste é.

*Airteagal 18*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11, in Airteagal 15(6) agus in Airteagal 16(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse chúig bliana ón ...[*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a dhréachtú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11, Airteagal 15(6), agus Airteagal 16(1) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis an cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag an am céanna.

---

[*] IO: cuir isteach an dáta, le do thoil dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 11, Airteagal 15(6) agus Airteagal 16(1) i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 19*

*Nós imeachta práinne*

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlacfar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu fad nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna a bheidh ann le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 18(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh a aisghairm gan mhoill tar éis fógra a fháil ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle go bhfuil cinneadh déanta acu agóid a dhéanamh.

# CAIBIDIL V
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 20*

*Aisghairm*

1. Déantar Treoir 2009/39/CE a aisghairm le héifeacht ón ...*. Forléireofar tagairtí a dhéantar don ghníomh aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo.

2. Déantar Treoir 92/52/CEE agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 a aisghairm le héifeacht ón ...*.

3. Gan dochar don chéad fhomhír de mhír 4, ní bheidh feidhm ag Treoir 96/8/CE maidir le bianna a chuirfear i láthair mar mhalartú ar bhéile amháin nó níos mó den aiste bia laethúil ón ...*.

4. Déantar Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 agus Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE 2006/125/CE agus 2006/141/CE a aisghairm ón dáta a gcuirfear i bhfeidhm na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

   I gcás ina mbeidh coimhlint idir Rialachán (CE) Uimh. 953/2009, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE agus an Rialachán seo, is é an Rialachán seo a sheasfaidh.

---

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 21*

*Bearta idirthréimhseacha*

1. Maidir le bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo nach gcomhlíonann an Rialachán seo ach a chomhlíonann Treoir 2009/39/CE agus, de réir mar is infheidhme, Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 agus Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE, agus a chuirtear ar an margadh nó a gcuirtear lipéad air roimh an ...*, féadfar leanúint dá mhargú tar éis an dáta sin go dtí go mbeidh stoic an bhia sin ídithe.

I gcás ina mbeidh dáta chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 20(4)den Rialachán seo tar éis an ...* , maidir le bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a chomhlíonann an Rialachán seo, Rialachán (CE) Uimh. 953/2009, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE, de réir mar is infheidhme, ach nach gcomhlíonann na gníomhartha tarmligthe sin, agus a chuirtear ar an margadh nó a gcuirtear lipéad air roimh dháta chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe sin, féadfar leanúint dá mhargú tar éis an dáta sin go dtí go mbeidh stoic an bhia sin ídithe.

---

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir le bia nach dtagraítear dó le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo ach a chuirfear ar an margadh nó a gcuirfear lipéad air i gcomhréir le Treoir 2009/39/CE agus le Rialachán (CE) 953/2009, agus, de réir mar is infheidhme, le Treoir 96/8/CE agus le Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 roimh an…*, féadfar leanúint dá mhargú tar éis an dáta sin go dtí go mbeidh stoic an bhia sin ídithe**.**

*Airteagal 22*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ...*, seachas i gcás na n-eisceachtaí seo a leanas:

– Airteagal 11, Airteagal 16, Airteagal 18 agus Airteagal 19 a mbeidh feidhm acu ón ..**.;

– Airteagal 15 agus ag an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a mbeidh feidhm acu ón dáta a chuirfear i bhfeidhm na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

---

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

* IO: cuir isteach an dáta, le do thoil: 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

** IO: cuir isteach an dáta, le do thoil dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

Liosta an Aontais amhail dá dtagraítear in Airteagal 15(1)

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| Vitimíní | | | | | | |
| | Vitimín A | | | | | |
| | | reiteanól | X | X | X | X |
| | | aicéatáit retinile | X | X | X | X |
| | | palmatáit retinile | X | X | X | X |
| | | béite-charaitéin | | X | X | X |
| | Vitimín D | | | | | |
| | | eargacailciféaról | X | X | X | X |
| | | colacailciféaról | X | X | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Vitimín E | | | | | |
| | | tócaifearól D-alfa | X | X | X | X |
| | | tócaifearól DL-alfa | X | X | X | X |
| | | aicéatáit tócaifeirile D-alfa | X | X | X | X |
| | | aicéatáit tócaifeirile DL-alfa | X | X | X | X |
| | | sucsainéit aigéid tócaifeirile D-alfa | | | X | X |
| | | sucsainéit ghliocóil-1000 phoileitiléin tócaifeirile D-alfa (TPGS) | | | X | |
| | Vitimín K | | | | | |
| | | filleacuineon (fíteameanaidé-ón) | X | X | X | X |
| | | meineacuineon[(1)] | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Vitimín C | | | | | |
| | | L-aigéad ascorbach | X | X | X | X |
| | | sóidiam-L-ascorbáit | X | X | X | X |
| | | cailciam-L-ascorbáit | X | X | X | X |
| | | potaisiam-L-ascorbáit | X | X | X | X |
| | | L-ascorbail 6-palmatáit | X | X | X | X |
| | Tiaimín | | | | | |
| | | hidreaclóiríd tiaimín | X | X | X | X |
| | | monainíotráit tiaimín | X | X | X | X |
| | Ribeaflaivin | | | | | |
| | | ribeaflaivin | X | X | X | X |
| | | ribeaflaivin 5' - fosfáit, sóidiam | X | X | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Niaicin | | | | | |
| | | aigéad nicitíneach | X | X | X | X |
| | | nicitíonaimíd | X | X | X | X |
| | Vitimín $B_6$ | | | | | |
| | | hidreaclóiríd phireadocsaín | X | X | X | X |
| | | ribeaflaivin 5' - fosfáit | X | X | X | X |
| | | déphalmatáit phireadocsaín | | X | X | X |
| | Fóláit | | | | | |
| | | aigéad fólach (aigéad tearóilmhonaghlútamach) | X | X | X | X |
| | | cailciam-L-meitilfhólach | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Vitimín $B_{12}$ | | | | | |
| | | cianacóbalaimín | X | X | X | X |
| | | cianacóbalaimín | X | X | X | X |
| | Bitin | | | | | |
| | | D-bitin | X | X | X | X |
| | Aigéad panta itéineach | | | | | |
| | | D-pantaitéanáit, cailciam | X | X | X | X |
| | | D-pantaitéanáit, sóidiam | X | X | X | X |
| | | deaspantanól | X | X | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| Mianraí | | | | | | |
| | Potaisiam | | | | | |
| | | décharbónáit photaisiam | X | | X | X |
| | | carbónáit photaisiam | X | | X | X |
| | | clóiríd photaisiam | X | X | X | X |
| | | ciotráit photaisiam | X | X | X | X |
| | | glúcónáit photaisiam | X | X | X | X |
| | | glicreafosáit photaisiam | | X | X | X |
| | | lachtáit photaisiam | X | X | X | X |
| | | hiodrocaíd photaisiam | X | | X | X |
| | | salainn photaisiam d'aigéad fosfarach | X | | X | X |
| | | ciotráit mhaighnéisiam photaisiam | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Cailciam | | | | | |
| | | carbónáit chailciam | X | X | X | X |
| | | clóiríd chailciam | X | X | X | X |
| | | salainn chailciam d'aigéad citreach | X | X | X | X |
| | | glúcónáit chailciam | X | X | X | X |
| | | glicreafosfáit chailciam | X | X | X | X |
| | | lachtáit chailciam | X | X | X | X |
| | | salainn chailciam d'aigéad fosfarach | X | X | X | X |
| | | hiodrocsaíd chailciam | X | X | X | X |
| | | ocsaíd chailciam | | X | X | X |
| | | sulfáit chailciam | | | X | X |
| | | bios-gliceanáit chailciam | | | X | X |
| | | ciotráit mhaláite chailciam | | | X | X |
| | | maláit chailciam | | | X | X |
| | | L-pidoláit chailciam | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Maignéisiam | | | | | |
| | | aicéatáit mhaignéisiam | | | X | X |
| | | carbónáit mhaignéisiam | X | X | X | X |
| | | clóiríd mhaignéisiam | X | X | X | X |
| | | salainn mhaignéisiam d'aigéad citreach | X | X | X | X |
| | | glúcónáit mhaignéisiam | X | X | X | X |
| | | glicreafosáit mhaignéisiam | | X | X | X |
| | | salainn mhaignéisiam d'aigéad fosfarach | X | X | X | X |
| | | lachtáit mhaignéisiam | | X | X | X |
| | | hiodrocsaíd mhaignéisiam | X | X | X | X |
| | | ocsaíd mhaignéisiam | X | X | X | X |
| | | sulfáit mhaignéisiam | X | X | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | | L-aspartáit mhaighnéísiam | | | X | |
| | | bios-gliceanáit mhaignéisiam | | | X | X |
| | | L-pidoláit mhaighnéisiam | | | X | X |
| | | ciotráit mhaighnéisiam photaisiam | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Iarann | | | | | |
| | | carbónáit fheiriúil | | X | X | X |
| | | ciotráit fheiriúil | X | X | X | X |
| | | ciotráit amóiniam feireach | X | X | X | X |
| | | glúcónáit fheiriúil | X | X | X | X |
| | | fúmaráit fheiriúil | X | X | X | X |
| | | défhosfáit sóidiam fheireach | | X | X | X |
| | | lachtáit fheiriúil | X | X | X | X |
| | | sulfáit fheiriúil | X | X | X | X |
| | | fosfáit amóiniam fheiriúil | | | X | X |
| | | EDTA shóidiam fheirigh | | | X | X |
| | | défhosfáit fheireach (pireafosfáit fheireach) | X | X | X | X |
| | | siúcráit fheireach | | X | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | | iarann eiliminteach (carbóinil + leictrealaíoch + hidrigin-chaolaithe | | X | X | X |
| | | bios-gliceanáit fheiriúil | X | | X | X |
| | | L-pidoláit fheiriúil | | | X | X |
| | Sinc | | | | | |
| | | aicéatáit since | X | X | X | X |
| | | clóiríd since | X | X | X | X |
| | | ciotráit since | X | X | X | X |
| | | glúcónáit since | X | X | X | X |
| | | lachtáit since | X | X | X | X |
| | | ocsaíd since | X | X | X | X |
| | | carbónáit since | | | X | X |
| | | sulfáit since | X | X | X | X |
| | | bios-gliceanáit since | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Copar | | | | | |
| | | carbónáit choprach | X | X | X | X |
| | | ciotráit choprach | X | X | X | X |
| | | glúcónáit choprach | X | X | X | X |
| | | sulfáit choprach | X | X | X | X |
| | | coimpléacs lísín copair | X | X | X | X |
| | Mangainéis | | | | | |
| | | carbónáit mhangainéise | X | X | X | X |
| | | clóiríd mhangainéise | X | X | X | X |
| | | ciotráit mhangainéise | X | X | X | X |
| | | glúcónáit mhangainéise | X | X | X | X |
| | | glicreafosáit mhangainéise | | X | X | X |
| | | sulfáit mhangainéise | X | X | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Fluairíd | | | | | |
| | | fluairíd photaisiam | | | X | X |
| | | fluairíd sóidiam | | | X | X |
| | Seiléiniam | | | | | |
| | | seiléanáit sóidiam | X | | X | X |
| | | seiléinít sóidiam hidrigine | | | X | X |
| | | seiléinít sóidiam | X | | X | X |
| | | giosta breis seiléiniam(2) | | | X | X |
| | Cróimiam | | | | | |
| | | clóiríd chróimian (III) agus a heicsihiodráit | | | X | X |
| | | sulfáit chróimian (III) agus a heicsihiodráit | | | X | X |
| | | piocolanáit chróimiam | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Molaibdéineam | | | | | |
| | | molabdáit amóiniam | | | X | X |
| | | molabdáit sóidiam | | | X | X |
| | Iaidín | | | | | |
| | | iaidíd photaisiam | X | X | X | X |
| | | iadáit photaisiam | X | X | X | X |
| | | iaidíd sóidiam | X | X | X | X |
| | | iadáit sóidiam | | X | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | Sóidiam | | | | | |
| | | décharbónáit sóidiam | X | | X | X |
| | | carbónáit sóidiam | X | | X | X |
| | | clóiríd sóidiam | X | | X | X |
| | | ciotráit sóidiam | X | | X | X |
| | | glúcónáit sóidiam | X | | X | X |
| | | lachtáit sóidiam | X | | X | X |
| | | hiodrocsaíd sóidiam | X | | X | X |
| | | salainn sóidiam d'aigéad ortafosfarach | X | | X | X |
| | Bórón | | | | | |
| | | bóráít sóidiam | | | X | X |
| | | aigéad bórach | | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| Aimínaigéid[3] | | L-alainín | | | X | X |
| | | L-argainín | X agus a hidreaclóirí d | X agus a hidreaclóiríd | X | X |
| | | L-aigéad aspartach | | | X | |
| | | L-citrillín | | | X | |
| | | L-cistéin | X agus a hidreaclóirí d | X agus a hidreaclóiríd | X | X |
| | | Cistín[4] | X agus a hidreaclóirí d | X agus a hidreaclóiríd | X | X |
| | | L-histidín | X agus a hidreaclóirí d | X agus a hidreaclóiríd | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | | L-aigéad glútamach | | | X | X |
| | | L-glútaimín | | | X | X |
| | | glicín | | | X | |
| | | L-isileoicín | X<br>agus a hidreaclóiríd | X<br>agus a hidreaclóiríd | X | X |
| | | L-leoicín | X<br>agus a hidreaclóiríd | X<br>agus a hidreaclóiríd | X | X |
| | | L-lísín | X<br>agus a hidreaclóiríd | X<br>agus a hidreaclóiríd | X | X |
| | | L-aicéatáit lísín | | | X | X |
| | | L-meitiainín | X | X | X | X |
| | | L-ornaitín | | | X | X |
| | | L-feiniolalainín | X | X | X | X |
| | | L-próilín | | | X | |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| | | L-tréóinín | X | X | X | X |
| | | L-tripteafan | X | X | X | X |
| | | L-tirisín | X | X | X | X |
| | | L-vailín | X | X | X | X |
| | | L-séirín | | | X | |
| | | L-argainín-L-aspartáit | | | X | |
| | | L-lísín-L-aspartáit | | | X | |
| | | L-lísín-L-glútamáit | | | X | |
| | | N-aicéitil-L-cistéin | | | X | |
| | | N-aicéitil-L-meitiainín | | | X (i dtáirgi faoi chomhair daoine atá níos sine na 1 bhliain d'aois | |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| Carnaítín agus táirín | | | | | | |
| | | L-carnaítín | X | X | X | X |
| | | L-hidreaclóiríd charnaítín | X | X | X | X |
| | | táirín | X | | X | X |
| | | L-carnaítín-L-tartráit | X | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| Núicléitídí | | | | | | |
| | | fosfáit adanóisín (AMP) | X | | X | X |
| | | salainn sóidiam AMP | X | | X | X |
| | | monofosfáit chítidín (CMP) | X | | X | X |
| | | salainn sóidiam CMP | X | | X | X |
| | | fosfáit ghuanóisín (GMP) | X | | X | X |
| | | salainn sóidiam GMP | X | | X | X |
| | | fosfáit ionóisín (IMP) | X | | X | X |
| | | salainn sóidiam IMP | X | | X | X |
| | | fosfáit úiridín (UMP) | X | | X | X |
| | | salainn sóidiam UMP | X | | X | X |

| Substaint | | | An catagóir bia | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Bainnefoirm le do naíonáin agus bainne foirmle leantach | Bia gránachbhuna ithe próiseáilte agus bia naíonán | Bia chun críocha speisialta míochaine | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú |
| Coilín agus ionóisíotól | | | | | | |
| | | coilín | X | X | X | X |
| | | clóiríd choilín | X | X | X | X |
| | | déthartráit choilín | X | X | X | X |
| | | ciotráit choilín | X | X | X | X |
| | | ionóisíotól | X | X | X | X |

([1]) Meineacuineon, arb ann dó go príomha mar mheineacuineon-7 agus, go beag, mar mheineacuineon-6.

([2]) Giostaí breis seiléiniam a tháirgtear trí shaothrú i láthair seiléiníte sóidiam mar fhoinse seiléiniam agus ina bhfuil, sa bhfoirm triomaithe a chuirtear ar an margadh, nach mó ná 2,5 mg Se/g ann. Is é an speiceas de sheiléiniam orgánach is mó atá le fáil sa ghiosta ná seiléinomeitiainín (idir 60 agus 85% den seiléiniam iomlán eastóctha sa táirge). Ní mór nach mó ábhar na gcomhábhar seiléiniam orgánach eile lena n-áirítear seiléinocistéin ná 10% den seiléiniam iomlán eastóctha. Ní mór nach mó leibhéil an tseiléiniaim neamhorgánaigh ná 1% den seiléiniam iomlán eastóctha.

([3]) I gcás aimínaigéad a úsáidtear i mbainne foirmle do naíonáin, i mbainne foirmle leantach, i mbianna atá bunaithe ar ghránaigh phróiseáilte agus i mbia faoi chomhair leanaí, ní fhéadfar ach an hidreaclóiríd atá luaite go sonrach a úsáid. I gcás aimínaigéad a úsáidtear i mbia chun críocha speisialta míochaine agus in ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, a mhéid is féidir, féadfar na salainn sóidiam, chailciam, photaisiam agus mhaighnéisiam, agus a hidreaclóiríd freisin, a úsáid.

([4]) I gcás a n-úsáide i mbainne foirmle do naíonáin, i mbainne foirmle leantach, i mbianna atá bunaithe ar ghránaigh phróiseáilte agus i mbia faoi chomhair leanaí, ní fhéadfar ach an fhoirm L-cistín amháin a úsáid.